Gaeloideas: Annual Report June 2015/ May 2016

Gaeloideas would like to thank the parents, staff and Board of Management of Scoil Neasáin for all their support during this school year. Below are some of the activities and events we have organised since June 2015.

Lá Spóirt 2015

On a sunny Sunday morning on the 14th June last year the Lá Spóirt was held at the school. We thank the volunteers who helped on the day. As usual we call on volunteers to save the date of Sunday 29th May (Weather permitting) to help run and organise this year's Lá Spoirt.

Eibhlin's Annual Plant Sale – Eibhlin donated the proceeds of her Plant sale in June 2015 back to Gaeloideas this year and we were delighted to receive over €400. Many thanks to Eibhlin and her helpers for the endless love and attention shown to Gairdín Scoil Neasáin.

Ócáid R6 2015

Ócáid R6 was held on 28 June and was a great success. This is a very special occasion for the children and the parents. 11 families left the school last year and they were presented with a small gift as a memory of the school. We wish them the best of luck and we'd like to express our gratitude to the volunteers on the night.

Coláiste Ceilteach

We welcomed Niall Ó Máirtín and his team from Coláiste Ceilteach to the school last Summer. Niall runs a successful Irish Language Summer camp and rented the school from us last year. We were very grateful for the extra income and welcome his team again this year.

Daidí Na Nollag 2015

It was a great success and a very sociable morning for all. 305 children came to visit on the day. Thanks also to the Parents Committee & the volunteers for their help also. The future of this event depends solely on the generous volunteer parents who offer to assist. The planning for this event begins in September each year and is a huge undertaking, but well worth it as it's a highlight of the school year.

After-school classes

Gaeloideas continued to provide after-school classes in Irish dancing, Tin Whistle, Fiddle , Irish and 'Scratch' . After-school activities are discussed in more detail overleaf.

Gaeloideas expenditure and contributions

Gaeloideas appreciates that it relies on parents generosity in its efforts to raise funds. These funds are essential in assisting the school in meeting its running costs, especially in the context of operating within strict financial constraints. With the help of donations from parents and fund raising events, Gaeloideas has been able to donate €10,000 to the Board of Management in 2014-15. We also covered the cost of the following items/Events during this school year.

- First aid Course – School Teachers & Parents from both Committees attended €300
- Gaeloideas funded 90% of a new Custom made Kitchen in the Halla €8,000
- Gaeloideas paid for new 'Scoil Neasáin' Signage & Notice on the exterior walls €1,000
- We upgraded the electrical supply in the school to accommodate improvements €1900

Cumann na Tuismitheoirí

A big thank you goes to the Parents committee under the guidance of Jacinta Heslin for their help throughout the year at various occasions. In particular we must mention that they raised €520 from the Ceili Mor earlier in the year. These funds were contributed to the Gaeloideas central fund.

Voluntary contribution 2015/2016

A new three year (TAX BACK) scheme was launched this school year (2015-16) to allow the School to claim back Tax made on Voluntary Contributions by parents. This scheme is an additional option for families as well as the year on year donation, for which we are most grateful. 20% of Families have contributed to the Voluntary Subscription since the new Scheme began in April of this year . Payment can be made on the school website to Gaeloideas . Niamh Uí Aodha is always available to answer any questions or queries any family may have in relation to this payment .
gaeloideas1969@gmail.com

Special Mention to:

Members First (formally Coolock/Artane Credit Union) have established a close friendship with Scoil Neasain over the years encouraging our children to save money –by offering the *Scoil Neasáin Credit Union Branch* . May we take this opportunity to thank them for their ongoing support in all that we do we are very appreciative of their financial generosity and sponsorship of the various activities–; most recently the Sponsorship of our 'Big day out' in Pairc An Chrócaigh on the 8th November last, where the Scoil Neasáin girls won the Comhair Linn Cup.

We wish to encourage and remind parents to support this saving ethos with the children and support our relationship with Members First Credit Union. The Credit Union is run on a Voluntary basis by the parents each Thursday in the School and Volunteers are always welcome to assist.

The committee would like to express its thanks to the following people:

Eibhlin Uí Aodha - Thank you for all your hard work in the garden.

The volunteers and the teachers who help with the running of the library during the year.

The Coiste Clós who supervise the Yard before school each morning.

Príomhoide Deirbhle Nic Conghamhna and all the teachers for another great school year.

Lá Spóirt 2016

Our annual Lá Spóirt is on in Scoil Neasáin on Sun 29th May. **Volunteers required!** A note about this has already been issued with further details.

The Committee: 2015-16

At the AMG in June 2014 -15 We welcomed the following new members onto the Gaeloideas Committee for the following year

Eibhlin Ní Chonraoí, Sinead Uí Gallachóir , Mary O'Sullivan, Kieran Ó Leannacháin.

2015-16: The following members are stepping down from Gaeloideas this year. We wish to thank them sincerely for all their hard work over the years. Mairéad Uí Shúilleabháin , Áine Ní Bhrádaigh ,Niamh Uí Aodha , Fiach O Riain , Maria Chaomhánaigh & Emer Ní Chadhla.

****

Gaeloideas: Tuarascáil bhliantúil 2015/2016

Ba mhaith linn ár mbuíochas a ghabháil le tuismitheoirí, foireann teagaisc agus Bord Bainistíochta Scoil Neasáin as ucht an méid tacaíochta a tugadh dúinn i mbliana. Seo cuid de na hócáidí a d'eagraíomar ó Mheitheamh 2015.

Lá Spóirt 2015

Bhí an Lá Spóirt ar siúl i Scoil Neasáin ar an 14 Meitheamh agus bhí lá deas grianmhar againn! Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis na hoibrithe deonacha ar fad a chabhraigh ar an lá. Beidh cabhair ag teastáil uainn arís i mbliana **(Domhnach 29 Bealtaine)** chun an lá a eagrú. Beidh breis is 30 tuismitheoir á lorg againn. Bígí ann & bígí réidh!

Díolachán Plandaí Bliantúil – Táimid fíorbhuíoch d'Eibhlín as an obair go léir a dhéanann sí sa ghairdín. Bhronn sí breis is €400 ar choiste Ghaeloidis i ndiaidh an díolacháin i mí an Mheithimh 2015. Bíonn cabhair á lorg ag Eibhlín i gcónaí! Buail isteach chuici lá ar bith agus beidh jabanna aici duit!

Ócáid Rang 6, Meitheamh 2015

Tionóladh ócáid R6 ar an 25 Meitheamh. Oíche an-speisialta í seo do na páistí agus dá dtuismitheoirí. D'fhág 11 teaghlach an scoil anuraidh agus tugadh bronntannas beag dóibh mar chuimhneachán ar a dtréimhse sa scoil. Guímid gach rath orthu**.** Táimid an-bhuíoch de Chumann na dTuistí as an gcabhair a thugann siad ar mhaithe leis an ócáid seo.

Coláiste Ceilteach

Chuireamar fáilte roimh Niall Ó Máirtín agus Coláiste Ceilteach i Scoil Neasáin anuraidh. Thóg an Campa Samhraidh seo an Scoil ar cíos ar feadh tréimhse, agus bhíomar an-sásta leis an tacaíocht airgid a thug sé dúinn. Beidh an coláiste ar bun sa scoil arís i mbliana.

Daidí na Nollag 2015

D'éirigh thar barr linn agus bhí maidin bhreá chuideachtúil ag cách. Thug 305 páiste scoile cuairt ar Dhaidí na Nollag. Buíochas le Cumann na dTuismitheoirí agus na hoibrithe deonacha ar fad as an jab iontach a rinne siad. Tosaíonn eagrú an lae seo i mí Mheán Fómhair, agus braitheann sé go hiomlán ar dhaoine deonacha a fháil gach bliain.

Gníomhaíochtaí iarscoile

Eagraíonn Gaeloideas ranganna iarscoile i Rince Gaelach, Feadóg Stáin, Fidil ,Gaeilge & Ríomhchlarú le 'Scratch'. Déantar plé níos mine ar ghníomhaíochtaí iarscoile ar an leathanach thall.

Tuigeann coiste Ghaeloidis go mbraithimid ar fhlaithiúlacht na dtuismitheoirí chun airgead a bhailiú. Cabhair riachtanach is ea an t-airgead seo i dtaca le costais reatha na scoile, go háirithe i gcomhthéacs sriantachtaí airgeadais. Le cabhair ó shíntiúis na dtuismitheoirí agus ó ócáidí tiomsaithe airgid, bhí Gaeloideas ábalta €10,000 a bhronnadh ar an mBord Bainistíochta anuraidh, a chuaigh chun tairbhe gach linbh. Costais eile a chlúdaigh Gaeloideas i 2015-16:

- Cúrsa Garchabhrach / Dífhibrileora le tuistí ón dá choiste & Foireann Scoil Neasáin €300
- D'íoc Gaeloideas as 90% den Chistin & Sorn nua €8,000
- Comhartha nua Scoil Neasáin lasmuigh den Scoil €800
- Uasghrádú ar an gcóras leictreachais sa chistin le déileáil leis an Sorn nua €1900

Cumann na dTuismitheoirí

Táimid fíorbhuíoch as an gcabhair i rith na bliana ó Chumann na dTuistí faoi stiúir Jacinta Heslin. Go háirithe an €520 a bhailigh siad ón gCéilí Mór agus a bhronn siad ar Ghaeloideas.

Síntiús Deonach 2015-16

Cuireadh tús le Scéim Aisíoc Cánach nua 3 bliana i mbliana a chuir ar chumas Ghaeloidis cáin a fháil ar ais ó na Coimisinéirí Ioncaim ar an Síntiús Deonach a thugann tuismitheoirí. Is modh breise é seo leis an íocaíocht a dhéanamh leis an scoil chomh maith leis na bealaí eile atá luaite ar Shuíomh Idirlín na scoile. Rinne 20% de theaghlaigh na scoile an Síntiús a íoc ó thús na Scéime nua a thosaigh an mhí seo caite. Is féidir é a íoc ar an suíomh scoile le Gaeloideas. Tá cisteoir Ghaeloidis, Niamh Uí Aodha, sásta déileáil le haon cheisteanna go príobháideach ar gaeloideas1969@gmail.com.

Buíochas speisialta – lá mór i bPáirc an Chrócaigh

Ba mhaith linn tagairt speisialta a dhéanamh do Chomhar Creidmheasa *Members First* atá linn sa scoil le fada an lá anois. Tá caidreamh iontach ag Scoil Neasáin leo agus iad ag spreagadh suim ár bpáistí i nósanna coigiltis. Táimid fíorbhuíoch as an tacaíocht airgeadais agus urraíocht a thairgeann siad dúinn chuile bhliain – go háirithe i mbliana don turas mór a thugamar go Páirc an Chrócaigh le Foireann na gCailíní ar an 3 Samhain 2015 nuair a bhuaigh siad an gCorn Comhar Linn. Is mian linn tuismitheoirí a spreagadh chun an nasc seo a choinneáil beo. Ritheann tuismitheoirí na scoile an Comhar Creidmheasa gach Déardaoin sa scoil ar bhonn deonach.

Ba mhaith leis an gcoiste ár mbuíochas a ghabháil leis na daoine seo a leanas:

Eibhlín Ní hAodha as an obair mhór a dhéanann sí sa gháirdín gach lá!

Na hoibrithe deonacha agus an fhoireann a chabhraigh sa leabharlann i rith na bliana.

An Coiste Clóis a dhéanann maoirseacht gach maidin.

An Príomhoide, Deirble Nic Conghamhna, agus an fhoireann múinteoirí. Is mór againn an obair mhór atá déanta agaibh i mbliana agus tá súil againn sibh a fheiceáil ar ais i mí Mheán Fómhair le cúnamh Dé!

Le teacht roimh Bhriseadh an tSamhraidh

Lá Spóirt 2016

Beidh an Lá Spóirt ar siúl i Scoil Neasáin ar an Domhnach**, 29 Bealtaine**. Beidh oibrithe deonacha ag teastáil!

Coiste 2015-16

Ba mhaith linn buíochas mór a ghabháil le seisir ball atá ag fágáil ag deireadh na bliana scoile seo.

Mairéad Uí Shúilleabháin, Áine Ní Bhrádaigh, Niamh Uí Aodha, Fiach Ó Riain, Maria Ní Chaomhánaigh

& Emer Ní Chadhla.

****

Mairéad Uí Shúilleabháin (Cathaoirleach) Áine Ní Bhrádaigh (Leas-Chath.) Niamh Uí Aodha (Cisteoir) Brían Óg Mac Amhlaigh (Rúnaí)

Maria Chaomhánach Emer Ní Chadhla Linda Uí Ógáin Susan Ní Thuathail Fiach Ó Riain Clara Ní Íoruaidh

Yvonne Ní Shioradáin Eibhlín Ní Chonraoí Mary O'Sullivan Sinéad Uí Ghallachóir Kieran Ó Leannacháin